

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach

Ainm an táirge: Aero-Sense Aircraft Insecticide ASD

Cineál nó cineálacha táirge: PT18 - Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh (Srianadh lotnaidí)

Uimhir an údaráithe: EU-0024297-0000

**Uimhir thagartha sócmhainne
R4BP 3:** EU-0024297-0000

Clár Ábhar

FAISNÉIS RIARACHÁIN	1
1.1. Trádainmneacha an táirge	1
1.2. Sealbhóir an údaraithe	1
1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha	1
1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha	2
2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE	2
2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh	2
2.2. Cineál foirmlithe	2
3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM	3
4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE	3
5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE	7
5.1. Treoracha úsáide	7
5.2. Bearta maolaithe riosca	7
5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint	7
5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte	7
5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála	7
6. FAISNÉIS EILE	7

FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. Trádainmneacha an táirge

Aero-Sense Aircraft Insecticide ASD

1.2. Sealbhóir an údaraithe

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Aero-Sense
	Seoladh	Schaapbruggenstraat 50 8800 Roeselare An Bheilg
Uimhir an údaraithe	EU-0024297-0000	
Uimhir thagartha sócmhainne R4BP 3	EU-0024297-0000	
Dáta an údaraithe	22/03/2021	
Dáta éaga an údaraithe	28/02/2031	

1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha

Ainm an déantóra	Volcke Aerosol Connection
Seoladh an déantóra	Industrielaan 15 8520 Kuurne An Bheilg
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Industrielaan 15 8520 Kuurne An Bheilg
Ainm an déantóra	Envasado Xiomara, S.L.
Seoladh an déantóra	Polígono Industrial La Torrecilla Chica, 6 45220 Yeles - Toledo An Spáinn
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Polígono Industrial La Torrecilla Chica, 6 45220 Yeles - Toledo An Spáinn

Ainm an déantóra	Aero-Sense NV
Seoladh an déantóra	Kachtemsestraat 289 8800 Roeselare An Bheilg
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Kachtemsestraat 289 8800 Roeselare An Bheilg

1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

Substaint ghníomhach	59 - 1R-trans phenothrin
Ainm an déantóra	Endura S.p.A
Seoladh an déantóra	Viale Pietro Pietramellara 5 40121 Bologna An Iodáil
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	39 Wenfeng Road 225009 Yangzhou, Jiangsu An tSín

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
1R-trans phenothrin	3-phenoxybenzyl (1R,3R)-2,2-dimethyl-3-(2-methylprop-1-enyl)cyclopropanecarbox	Substaint Ghníomhach	26046-85-5	247-431-2	2

2.2. Cineál foirmlithe

AE - Dáileoir aerasól

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM

Ráitis ghuaise

Coimeádán brúchóirithe: D'fhéadfadh sé pléascadh má théitear
An-tocsaineach don saol uisceach.
An-tocsaineach don saol uisceach le héifeachtaí buana.

Ráitis réamhchúraim

Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. - Cosc ar thobac.
Ná cuir poll ann nó ná dó, fiú amháin tar éis úsáide.
Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol.
Bailigh doirteadh.
Cosain ó sholas na gréine. Ná nocht ag teochtaí níos mó ná 50 °C/122 °F.
Diúscair coimeádán chuig hazardous or special waste collection point..

4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE

4.1 Tuirisc úsáide

ÚSÁID 1 - Mosquitoes – Aircraft treatment - Professionals

An cineál táirge

PT18 - Feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh (Srianadh lotnaidí)

Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaráithe

Feithidicíd

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)

Ainm eolaíoch: Culex spp.
Gnáthainm: Culex mosquitoes
Céim na forbartha: Aosaigh

Ainm eolaíoch: Aedes spp.
Gnáthainm: Muiscítí Aedes
Céim na forbartha: Aosaigh

Ainm eolaíoch: Anopheles spp.
Gnáthainm: Muiscítí Anopheles
Céim na forbartha: Aosaigh

Réimse (nó réimsí) úsáide

Faoi dhíon

Istigh

Forchur i gcró an phíolóta agus sa chábán le haghaidh díghalrú aerárthaigh.

Modh (nó modhanna) úsáide

Airí modha: Aerosol spray

Tuirisc mhionsonraithe ar an airí:

	Spraeáil
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	<p>Airí úsáide: Ráta forchurtha molta: 35 g /100 m³ (i.e. 0,7 g a.i./100 m³) Airí caolaithe: Táirge réidh le húsáid. Airí uainithe: Ba cheart an chóireáil a athdhéanamh ar gach eilt d dá dteastaíonn cóireáil díghalraithe. Ná forchuirtear é ach uair amháin in aghaidh na heitilte.</p>
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	<p>Canna alúmanaim (ALU) 18 mbarra clóbhuailte - Clóbhualadh lándaite</p> <p>Claibín bán (Gníomhróir Aon Steallaidh) nó Claibín gorm (Gníomhróir Ilsteallaidh)</p> <p>Arna bpacáil i bpacáistíocht chairtchláir in aghaidh 24 earra</p> <p>Ar fáil i méideanna canna éagsúla:</p> <ul style="list-style-type: none"> • 40 g (34 ml) • 60 g (52 ml) • 100 g (86 ml)

4.1.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

<ul style="list-style-type: none"> - Féach an lámhleabhar ar bord le haghaidh líon na gcannaí a bheidh de dhíth ar chóireáil díghalraithe le haghaidh gach cineál aerárthaigh shonraigh. - Ba cheart go bhfógrófaí an gnáthamh díghalraithe do phaisinéirí roimh fhorchur an táirge taobh istigh den aerárthach. Ba chóir go dtabharfaí comhairle do phaisinéirí chun a gcuid súile a dhúnadh agus a n-aghaidh a chlúdach agus an gnáthamh ar siúl. - Ná spraeáiltear é go díreach ar an gcneas nó isteach sna súile. - Ná spraeáiltear é ar bhia, ar limistéir ullmhaithe bia ná ar uirlisí bia ná in aice leo. - Nítear lámha tar éis a láimhsithe. - Coisctear a úsáid le pearsanra neamhúdraithe. - Bain an claibín de. - Coinnigh canna(i) go hingearach fad do sciatháin uait. - Claibín bán "aon steallaidh": brúigh an táb ar an soc spraeála nó go nglasáiltear síos é. Scaoiltear an táirge aerasóil i spraeáil leanúnach amháin. - Claibín gorm "ilsteallaidh": brúigh an táb ar an soc spraeála nó go scaoiltear dóthain cainníochta nó go scaoiltear an táirge go hiomlán. - Ba cheart go spraeálfaí aerasóil na feithidicíde ach soc an dáileora aerasóil a dhíriú ag uillinn tuairim ar 45° i dtreo na síleála ar fud an aerárthaigh. - Ba chóir go ndíreofaí an sprae beagáinín taobh thiar den úsáideoir. - Spraeáiltear go cothrom é ar fud an limistéir go léir. <p>40 g (34 ml) - Faightear cóireáil éifeachtach do 114 m³ de thoirt aeir i gcanna amháin;</p>
--

60 g (52 ml) - Faightear cóireáil éifeachtach do 171 m³ de thoirt aeir i gcanna amháin;
100 g (86 ml) - Faightear cóireáil éifeachtach do 285 m³ de thoirt aeir i gcanna amháin.

Díghalrú “Blocáiltear amach”

Tarlaíonn an gnáthamh sin roimh éirí de thalamh, tar éis bordáil na bpaisinéirí agus dúnadh na ndoirse.

Spraeáiltear an deic eitilte sula mbordálann foireann an chábáin féin.

Caithfidh córas aerchóiriúcháin an aerárthaigh a bheith múchta le linn na spraeála sa chaoi go mbeadh an díghalrú éifeachtach.

Caithfidh foireann an chábáin gach tearmann féideartha d’fheithidí a chóireáil lena n-áirítear leithris, áiléir agus vardrúis, murar spraeáladh na limistéir sin in éineacht leis an deic eitilte roimh an mbordáil.

“Barr na tuirlingthe” (spraeáil le linn eitilte)

De réir na treorach ón EDS: is modh díghalraithe ina dhá chuid í an spraeáil réamheilte agus ag barr na tuirlingthe. Is í an spraeáil “barr na tuirlingthe” (spraeáil le linn eitilte) an dara teicníc den mhodh sin, agus déantar í ag “barr na tuirlingthe”, agus an t-aerárthach ag casadh chun tuirlingthe go dtí an t-aerfort sprice. Socrófar an athchúrsaíocht aeir chuig gnáthshreabhadh. Níor léiríodh aon éifeacht iarmharach go fóill.

Níor chóir go mbainfí leas as táirgí ina bhfaightear 1R-tras-feinitrin le haghaidh cóireála réamheilte agus le linn eitilte san aerárthach céanna araon.

4.1.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

- Níor cheart go bhforchuirfí an táirge seo ach uair amháin in aghaidh na heitilte.

- Ní dhéanfaidh ball d’fhoireann an chábáin níos mó ná forchur amháin in aghaidh an lae.

- Ná húsáidtear/forchuirtear an táirge go díreach ar bhia, beathú ná deochanna ná in aice leo, ná ar dhromchlaí ná ar uirlisí ar dócha go dtiocfadh siad i dteagmháil dhíreach le bia agus deochanna.

- Faightear 1R-tras-feinitrin ann (pireatróidí), d’fhéadfadh sé a bheith contúirteach do chait. Caithfear a bheith cúramach agus leas á bhaint as an táirge nuair a bhíonn cait istigh san aerárthach. Caithfear cait a choinneáil ar shiúl le linn cóireála.

- Caithfidh nach ndéantar glanadh an aerárthaigh chóireáilte ach amháin trí leas a bhaint as táirgí speisialaithe nach dteastaíonn scaoileadh múnlaigh isteach sna draenacha agus sna gléasraí cóireála séaraigh áitiúla uathu.

- Caithfear trealamh glantacháin (scuaba, éadaí, etc.) as a mbaintear leas ar aerárthach tar éis forchur an táirge a dhiúscairt mar dhramhaíl sholadach, agus ní féidir athúsáid a bhaint as.

4.1.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Treoracha garchabhrach:

Ginearálta

- MÁ IONANÁLAÍTEAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

- MÁ SHLOGTAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

- I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh le gallúnach agus uisce. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

- I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ar aghaidh ag rinseáil. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

- D'fhéadfadh paraestéise (dó agus griofadach an chraicinn gan ghreannú). Má leanann airíonna ar aghaidh: faigh comhairle leighis.

Bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint i gcás tionóisce

- Coinnigh agus rialaigh sceitheadh ná doirteadh ar bith le hábhair ionsúiteacha indóite cosúil leis an ngaineamh, cré, veirmicílít, nó diatóimít i ndrúmaí lena ndiúscairt mar dhramhaíl.

- Ábhar ar bith a chosc ó dhul isteach sna draenacha nó uiscebhealaí.

- Ná díriú sprae uisce ar an bpointe sceite nó doirte.

- Lig do tháirge iarmharach ar bith mar thoradh ar an sceitheadh ná an doirteadh chun galú.

4.1.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

- Ba chóir iontráil iomchuí a dhéanamh sa Dearbhú Ginearálta Aerárthaigh, agus sonraí a thabhairt maidir leis an ngnáthamh díghalraithe in éineacht leis na sraithuimhreacha ar na cannaí spraeála in úsáid.

- Coinneofar na cannaí spraeála folmha lena n-imscrúdú ag Údarás Sláinte an Chalafoirt.

- Ná doirtear an táirge isteach i ndraenacha ná in uiscebhealaí.

- Áirithigh go ndéantar bainistiú dramhaíola gan sláinte dhaonna a chur i mbaol, gan díobháil a dhéanamh don chomhshaol, agus go háirithe gan riosca ar bith don uisce, aer, ithir, plandaí ná ainmhithe leis.

- Athchúrsáil nó diúscairt an dramhtháirge i gcomhréir leis an reachtaíocht infheidhmithe, b'fhearr trí bhailitheoir nó cuideachta dheimhnithe.

- Ná héillítear an talamh ná an t-uisce leis an dramhtháirge.

- Ná diúscaítear an dramhtháirge isteach sa chomhshaol.

4.1.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach na treoracha le haghaidh úsáide

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE

5.1. Treoracha úsáide

Féach rannóg 4.1.1

5.2. Bearta maolaithe riosca

Féach rannóg 4.1.2

5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach rannóg 4.1.3

5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach rannóg 4.1.4

5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

- Stóráiltear sa bhunphacáistíocht é in áit fhuarga thirim aeráilte (faoi bhun 40°C). Cosnaítear ón tsioc é.
- Stóráiltear ar shiúl ó sholas díreach na gréine é, fiú nuair a bhíonn sé folamh.

Seilfré: 2 bhliain

6. FAISNÉIS EILE

/